Tugtar cuireadh don Ghobharnóir freastal ar ár gcruinniú míosúil, mar a bpléitear ábhair lena mbaineann ábharthacht. Is deis í seo eolas a thabhairt don Ghobharnóir faoi ábhair a dtugaimid suntas dóibh d'fhonn torthaí dearfacha a shaothrú.

Is gá dúinn a thuairisciú go ndéileálann lucht bainistíochta an phríosúin le gach ábhar ar bhealach an-réamhghníomhach. Mar sin féin, i roinnt mhaith cásanna, déantar moill mhíchuí ar mhíreanna a dteastaíonn freagra mear uathu a chuireann an Gobharnóir ar aghaidh chuig rannóga eile. Is féidir leis sin deacrachtaí neamhriachtanacha a dhéanamh ann féin do gach duine lena mbaineann agus caithfear breathnú go géar air amach anseo.

An tSeirbhís Leabharlainne

Is le fada an lá atá an-chuid plé á dhéanamh ar phríosún ón taobh sóisialta agus polaitiúil de agus fiú ó thaobh na fealsúnachta de. Saincheisteanna tábhachtacha ar fud na staire agus go háirithe le blianta beaga anuas atá sna cearta atá ag príosúnaigh, sna bearta a n-éiríonn leo iad a athshlánú agus sa mhéid den airgeadas poiblí ba cheart a thabhairt chun tacú le príosúin. Pléann leabharlanna príosúin gach ceann de na trí shaincheist sin.

Cuid dhílis de na cláir athshlánúcháin atá i bhfeidhm i bPríosún Mhuinseo is ea an leabharlann. Is féidir an-leas a bhaint as rochtain ar an leabharlann agus as na buntáistí a chuireann sí ar fáil chun ciontóirí a ullmhú le haghaidh a saoil lasmuigh den phríosún. Glactar leis go gcuireann an t-oideachas le rátaí atitimeachais a laghdú. Cuireann leabharlanna go fónta leis trí rochtain ar leabhair agus ar threoir oideachais a chur ar fáil.

Feidhmíonn leabharlann an phríosúin sa dóigh chéanna is a fheidhmíonn iad siúd lasmuigh de phríosún agus tugann sí an deis do phríosúnaigh roghanna a dhéanamh as a stuaim féin, rud nach ann di a bheag nó a mhór i roinnt mhaith

gnéithe eile dá saol laethúil. Trí bhraistint leanúnachais agus seasmhachta a chur ar fáil, tugann sí an deis do phríosúnaigh coinneáil suas leis an saol nua-aimseartha lasmuigh den phríosún agus cialla nua a ghnóthú le hidirghníomhaíochtaí daonna, leis an tsochaí agus leo féin.

Tá an gá céanna le faisnéis ag príosúnaigh is atá ag daoine sa ghnáthshochaí. Ós rud é go bhfuil scileanna oideachais níos ísle ag líon níos mó díobh, áfach, bíonn deacrachtaí acu a riachtanais faisnéise a chur in iúl nó ina n-iarrachtaí faisnéis a lorg. Chuige sin, cuireann seirbhís leabharlainne an phríosúin béim ar leith ar fhorbairt bhailiúcháin i réimsí a bhaineann go háirithe le pobal an phríosúin, i.e. litearthacht, teanga iasachta agus ábhar dlí.

Tá éagsúlacht sa rochtain atá ag na príosúnaigh ar sheirbhís leabharlainne an phríosúin. Den chuid is mó, is iad uaireanta oscailte, sceidil fostaíochta agus fáthanna slándála agus oibriúcháin is cúis leis sin. Ní mór don leabharlann seirbhísí a sholáthar freisin do chiontóirí atá leithscartha ó phobal ginearálta an phríosúin, de bharr cosanta nó sárúithe institiúideacha.

Is dúshlán do na leabharlannaithe é seirbhísí leabharlainne a chur ar fáil do chiontóirí leithscartha agus tá tacaíocht iomlán bhaill foirne an phríosúin ag teastáil ina leith sin. Chun cabhrú leis sin, ba cheart breithniú a dhéanamh ar thús a chur le scéim um *chléireach príosúnaigh* ar sciatháin leithscartha, trína ndéanfadh na daoine sin atá ceaptha leabhair a dháileadh agus a bhailiú ar eatraimh rialta. D'éirigh go maith le tástáil bheag ina leith sin in 2013 agus is rogha í a gcuirfeadh an Coiste Cuairte fáilte roimpi ar bhonn níos leithne.

Dúshlán eile do sheirbhís leabharlainne an phríosúin is ea *teicneolaíochtaí rochtana* a chur ar fáil a thugann cáilíocht beatha níos airde do chiontóirí a bhfuil deacrachtaí fisiciúla, meabhrach nó cognaíocha acu agus, dá bhrí sin, nach bhfuil ábalta rochtain ar sheirbhísí leabharlainne reatha. Creideann an Coiste Cuairte go bhfuil sé tráthúil anois do lucht bainistíochta an phríosúin iarraidh ar an tseirbhís leabharlainne athbhreithniú a dhéanamh ar theicneolaíochtaí nua atá ar fáil don leabharlann d'fhonn freastal ar chiontóirí faoi mhíchumas. Ba cheart don tseirbhís leabharlainne a torthaí a thuairisciú don Ghobharnóir laistigh de thréimhse shainithe, agus ba cheart gur tairbhiúil agus cost-éifeachtúil san fhadtéarma a bheadh aon bhearta nua atá curtha chun feidhme.

Léiríodh le linn na bliana gur baineadh úsáid as an tsaoráid leabharlainne sa phríomhphríosún d'fhonn an tionól cruinnithe a bhaineann le leas an phríosúnaigh a éascú. D'ainneoin thábhacht na gcruinnithe sin, tá an fhorbairt sin ina bac le seirbhís leabharlainne iomlán a chur ar fáil toisc an tsaoráid a bheith dúnta ag amanna áirithe. Tar éis an t-ábhar sin a phlé le lucht bainistíochta an phríosúin, tá an Coiste Cuairte sásta gur aimsíodh réiteach leis an deacracht sin. Ba cheart go mbainfeadh gach duine lena mbaineann leas as an réiteach sin.

Ó osclaíodh Sciathán D Thiar nua le déanaí, tugtar dúshláin nua maidir le seirbhís leabharlainne iomlán a chur ar fáil do phríosúnaigh a choimeádtar ann. Sainíodh cóiríocht oiriúnach d'fhonn leabharlann fheidhmiúil a éascú; caithfear í a oiriúnú, áfach, lena chinntiú go bhfuil sí oiriúnach don fheidhm. Tá lucht bainistíochta an phríosúin agus an tseirbhís leabharlainne ag oibriú le chéile chun a chinntiú nach moillítear an tionscadal seo go míchuí.

D'ainneoin pleananna amach anseo le haghaidh an sciatháin nua seo, ba cheart an soláthar seirbhís leabharlainne imleor sa ghearrthéarma a mheas mar thosaíocht agus níor cheart aon bhac a chur leis. Fáiltíonn an Coiste Cuairte roimh aon fhorbairtí ina leith sin.

Táimid sásta a thuairisciú gur tháinig méadú ar an éileamh ar an tseirbhís leabharlainne le linn na bliana. Cé gur céim dhearfach í sin, is féidir go mbaineann míbhuntáistí léi ó thaobh lóistíochta agus easpa acmhainní de. Cé go ndéanann baill foirne na leabharlainne a ndícheall seirbhís éifeachtúil a chur ar fáil laistigh den phríosún, ní féidir a bheith ag súil go dtosaíonn siad córas céimnithe le haghaidh leabhair a chur ar fáil ar iarratas. Ba cheart go n-éascódh maoiniú ar mhaithe le seirbhísí leabharlainne a chur ar fáil sa phríosún éileamh méadaithe agus an soláthar stoic speisialta.

Tá an cur ar ais leabhar chuig leabharlann an phríosúin ina chúis le fadhbanna go fóill. Chuige sin, tá moltaí áirithe tugtha ag an gCoiste Cuairte d'fhonn iad a chur chun feidhme ag céim luath.

Ba cheart athbhreithniú rialta a dhéanamh ar fud na bliana ar phleanáil, ar chur chun feidhme agus ar luach na seirbhíse leabharlainne do chiontóirí. Agus aird á tabhairt air sin, molann an Coiste Cuairte go reáchtáiltear cruinnithe míosúla idir lucht bainistíochta an phríosúin agus an tseirbhís leabharlainne chun gach ábhar lena mbaineann a phlé.

An tlonad Oideachais

Aithnítear go minic go gcabhraíonn an t-oideachas le bealaí seasmhacha agus struchtúracha a chruthú i gcomhair príosúnaigh a athshlánú. Tá oideachas ar cheann amháin den dá ghníomhaíocht phríomha i bpríosún in Éirinn - is í oiliúint oibre an ghníomhaíocht eile. Tá gach duine faoi choimeád i dteideal páirt a ghlacadh sna deiseanna fairsinge oideachais atá ar fáil agus tugtar spreagadh dóibh déanamh amhlaidh.

Oibríonn córas príosún na hÉireann i gcomhar le raon gníomhaíochtaí oideachais (mar shampla, coláistí pobail, leabharlanna poiblí, Boird Oideachais agus Oiliúna) chun clár leathan oideachais a chur ar fáil. Is féidir le príosúnaigh páirt a ghlacadh i ranganna ó litearthacht bhunúsach go céimeanna san Ollscoil Oscailte.

Tá cláir oideachais i bpríosúin ceaptha chun cabhrú le príosúnaigh a bpianbhreitheanna a bharráíocht agus chun iad a ullmhú lena scaoileadh. Go háirithe, tairgeann na cláir sin deiseanna chun scileanna nua a aimsiú agus a fhorbairt. Glactar as oideachas aosach agus oideachas pobail na modhanna agus roinnt cur chuige a mbaintear úsáid astu chun spreagadh a thabhairt do phríosúnaigh dul isteach sna cláir sin. Is deonach atá rannpháirtíocht.

Is iad cuspóirí na seirbhísí oideachais príosúin:

- cabhrú le príosúnaigh ullmhú dá saol tar éis a scaoilte,
- aird speisialta a thabhairt do chiontóirí a bhfuil bunriachtanais oideachais acu,
- forbairt phearsanta a bhaint amach,
- cabhrú le príosúnaigh a bpianbhreith a bharráíocht,
- comhchuibheacht agus obair bhuíne a chinntiú idir na gníomhaireachtaí agus na grúpaí éagsúla oideachais,
- comhoibriú go hiomlán le seirbhísí eile sa chóras príosún chun bainistíocht pianbhreithe dearfach a chur chun cinn.

Ceann de na príomhaidhmeanna atá ag cláir oideachais is ea an fhéidearthacht go gciontóidh príosúnaigh an athuir a laghdú; is é an aidhm iad a spreagadh isteach san fhostaíocht in ionad coir eile a dhéanamh agus dul ar ais go príosún. Má spreagtar príosúnaigh cláir oideachais a leanúint, cuirfear ar a

gcumas a aithint go bhfuil inniúlachtaí agus buanna acu agus cuideofar leo féinmheas agus uailmhian a fhorbairt.

Tá an tlonad Oideachas ag Príosún Mhuinseo, mar aon lena fhoireann thiomanta agus thiomnaithe, chun tosaigh maidir le cláir oideachais a chur chun feidhme de réir threoirlínte na Roinne Dlí agus Cirt. Cuirtear ranganna ar siúl sa phríomhphríosún, san Aonad Míochaine agus san Aonad Deighilte. Léiríonn cuairteanna rialta a thugann an Coiste Cuairte go mbíonn tinreamh mór i láthair ag ranganna agus go mbíonn an raon scileanna a thaispeánann príosúnaigh ar ardchaighdeán. Is iad seo a leanas na tionscnaimh nua a bhrúigh an tlonad Oideachais chun cinn le haghaidh na bliana acadúla reatha:

Rochtain fheabhsaithe ar oideachas do phríosúnaigh

Áireofar leis sin an tionscnamh um Scéimeanna Dreasaithe a chur chun cinn; canbhasáil a dhéanamh ar phríosúnaigh chun a fháil amach an bhfuil deacracht acu rochtain ar chlár oideachais nó nach bhfuil agus a gcomhairle maidir le réitigh a iarraidh; oibriú go dlúth leis an bhfoireann Bainistíocht Pianbhreithe Chomhtháite agus cláir a fhorbairt do phríosúnaigh; rannpháirtíocht i gcrúinnithe struchtúrtha le lucht bainistíochta an phríosúin chun comhairle a chur ar fáil maidir le beartais oideachais amach anseo agus iad a chomhaontú.

Tá an Coiste Cuairte den tuairim gur ceann de na bealaí ar aghaidh é úsáid a bhaint as teicneolaíocht chun oideachas agus oiliúint a sholáthar agus a mheas agus chun tacú leo, cé go mbeidh sí faoi réir rialuithe láidre. Agus aird air sin, mholfaimis clár pólótach a chruthú a thugann an deis do phríosúnaigh tabhairt faoi chúrsaí ar líne, rud a chuireann rochtain mhéadaithe ar áiseanna oideachais ar fáil do líon níos mó príosúnach.

Leanúint den churaclam a fhorbairt

An tlonad Foghlama Oscailte san Aonad Deighilte a chomhdhlúthú; foghlaim chumaisc a chur ar fáil d'fhoghlaimoirí bunúsacha; clár na Croise Deirge a leathnú; caighdeán an Mheasúnaithe Litearthachta agus Uimhearthachta a chur i bhfeidhm maidir le gach mac léinn a chláraíonn sa scoil; leanúint de ghníomhaíochtaí seach-churaclaim amhail ceolchoirmeacha scoile, drámaíocht, díospóireachtaí agus taispeántais.

Cumarsáid

Leanann an tIonad Oideachais ar aghaidh ag caidreamh le comhghleacaithe i bpríosúin eile agus i ngníomhaireachtaí seachtracha chun a chinntiú gurb é dea-chleachtas an bonn ar a bhforbraítear a phlean oideachais. Áirítear leis sin cruinnithe aonair a chur ar siúl le gach mac léinn ar fud na bliana; cruinnithe leanúnacha le lucht bainistíochta an phríosúin áitiúil, le Seirbhís Príosún na hÉireann agus lena mbaill foirne faoi seach.

Ar fud na bliana, rinne comhaltaí den Choiste Cuairte teagmháil leis an Ionad Oideachais agus d'fhreastail siad ar roinnt mhaith dá dtionscadail seach-churaclaim.

Clúdaíonn an curaclam oideachais roinnt mhaith foirmeacha agus áirítear leis cláir foghlama bunúsaí, oideachas sláinte, corpoideachas, oideachas sóisialta agus gníomhaíochtaí cruthaitheacha. Ina theannta sin, tá cúrsaí réamhscaoilte um andúil, um shaincheisteanna sláinte agus um iompar ciontaithe san áireamh.

Tairgeann FETAC deimhniúchán le haghaidh na gcúrsaí éagsúla. Déantar measúnú i dtrí chéim, mar seo a leanas:-

- Athbhreithniú téarma arna dhéanamh ag mic léinn,
- Athbhreithniú téarma ar an scoil arna dhéanamh ag an bhFoireann Oideachais,
- Athbhreithniú deireadh bliana ar an mbliain acadúil.

Toisc a chuireann le rath na gclár oideachais sa phríosún ba ea a chinntiú go bhfuil dea-thuisctint ag oifigh phríosúin ar an ról a fhéadann an fhoghlaim a imirt in athshlánú na bpríosúnach.

Tá an t-oideachas, maidir lena roinnt mhaith foirmeacha, ina dheis do thuilleadh oifigh phríosúin páirt a bheith acu i bhfoghlaim a sholáthar do phríosúnaigh. Mar sin, is féidir go gcuirtear cosc orthu déanamh amhlaidh toisc go bhfuil siad srianta ag éilimh a bpoist agus ag easpa ama. Is dócha go n-éileoidh sé sin tuilleadh infheistíochta san oiliúint oifigeach príosúin agus is féidir go mbeidh an méid sin doiligh sa chomhthéacs reatha,

mar go bhfuil brú méadaithe ar lucht bainistíochta an phríosúin cheana baill foirne a leithdháileadh ar mhaithe le tascanna eile, lasmuigh de thascanna

slándála, mar gheall ar phlódú agus ar acmhainní teoranta. Is féidir gur réimse é seo a bhféadann Seirbhís Príosún na hÉireann tuilleadh taighde a dhéanamh air ag tráth níos fabhraí.

Is féidir go bhfuil bacainní ar athiontráil sa phobal agus ar an bhfostaíocht os comhair príosúnach ar a scaoileadh. Is féidir iad a shainaithint mar seo a leanas: easpa oideachas iomchuí; a bheith coiscthe de réir an dlí oibriú i bpoist áirithe; taithí oibre teoranta; mí-úsáid substaintí agus fadhbanna meabhrach; easpa líonraí sóisialta. Déantar an cás sin níos measa leis an drogall a bhíonn ar fhostóirí de ghnáth deiseanna fostaíochta a thabhairt d'iarphríosúnaigh, beag beann ar na cúiseanna lena gcoinneáil. Ní mór i bhfad níos mó oibre a dhéanamh chun an meon sin a athrú.

Modh athshlánúcháin agus atreorúcháin is ea oideachas príosúin, agus féadann torthaí dearfacha teacht as. Is minic a léiríonn cláir oideachais phríosúin feabhsú suntasach ar iompar agus ar dhisciplín ginearálta an phríosúin. Is féidir athruithe ar iompar a chur i leith eolas feabhsaithe agus tugann sé an deis do phríosúnaigh mothú gur daoine iad arís trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíocht atá chomh coitianta le dul chuig ranganna.

Tá an t-oideachas ina mhodh chun tacú le ciontóirí sa trasdul ón bpríosún go dtí an saol amuigh. I gcomhar le cláir oiliúna oibre, tá sé ina chuid de raon idirghabhálacha a chruthaíonn cur chuige struchtúrtha maidir le hathshlánú i dteannta a chéile. Féadann sé a bheith ina chúis le gabháil do shaol táirgiúil in ionad leanúint le saol coireachta. Trí dheiseanna foghlama a chur ar fáil i bpríosún, tugtar raon buntáistí féideartha don phríosúnach agus don tsochaí.

Is féidir le gobharnóirí príosúin agus le hoifigigh phríosúin ról tábhachtach a imirt i gcinneadh a dhéanamh ar an rochtain atá ag na príosúnaigh ar fhoghlaim agus ar cé acu atá, nó nach bhfuil, an príosún é féin ina thimpeallacht dhearfach ina bhféadann foghlaim bheith ar siúl. Chomh maith leis sin, tá ról le himirt ag timpeallacht fhisiceach ionad oideachais an phríosúin ann féin i dtionchar a imirt ar an oideachas agus ar an mothú normalaithe ar féidir leis an oideachas agus an oiliúint é a thairiscint i bpríosún.

Is féidir spórt i bpríosúin a úsáid ar mhaithe le foghlaim, rud is cúis le féiniúlachtaí sóisialta agus le deiseanna feabhsaithe fostaíochta á bhforbairt. Is féidir go bhfuil drogall ar roinnt príosúnach baint a bheith acu le timpeallachtaí traidisiúnta seomra ranga. Níl timpeallacht spórtlainne chomh foirmiúil sin agus is áit iontach é le dul i dteagmháil le foghlaimoirí drogallacha. Ní eisceacht é Príosún Mhuinseo ina leith sin. Cé is moite de na buntáistí a bhaineann le ranganna grúpa nó le teagasc duine le duine sna spórtlanna príosúin, féadann fadhbréiteach a bhaineann le corpacmhainn agus uimhearthacht modh nuálach agus inrochtana a chur ar fáil ar mhaithe le foghlaim. Tá sé cruthaithe gur bealach rathúil i dtreo na fostaíochta é breisoideachas agus oiliúint sa tionscal corpacmhainne do roinnt príosúnach tar éis a scaoilte.

Is féidir le spórt ról tábhachtach a imirt in aghaidh a thabhairt ar riachtanais sláinte éagsúla na bpríosúnach le linn cuspóirí príosúin shláintiúil a bhaint amach ó thaobh na praiticiúlachta de. Tá sé soiléir go dtairgeann spórt agus gníomhaíocht choirp bealach luachmhar chun príosúnaigh a spreagadh i ngníomhaíochtaí a chuireann sláinte chun cinn. Tá ceanglas ar lucht bainistíochta an phríosúin clár sábháilte agus fóna corpoideachais a sholáthar a chuireann lena chinntiú go bhfuil príosúnaigh aclaí chun páirt i nglacadh i ndeiseanna oibre agus gníomhaíochta sa phríosún, le linn dóibh folláine coirp agus corpacmhainn mheabhrach a choinneáil agus iad faoi choimeád.

Is iad na spórtlanna laistigh den phríosún an príomhfhócas le haghaidh gníomhaíochtaí spóirt agus leanadh ar aghaidh le tacaíocht mhaith a thabhairt dóibh ar fud na bliana.

Aithníonn an Coiste Cuairte go hiomlán an ról atá ag an bhfoireann de theagascóirí cáilithe ina chinntiú go mbaineann spórtlanna an phríosúin a lánchumas amach. Le tacaíocht ó mholtaí na foirne míochaine, cinntíonn teagascóirí spórtlainne:-

- (v) go bhfuil rochtain ag príosúnaigh ar chlár oiliúna atá formheasta agus struchtúrtha,
- (vi) go bhfuil rochtain ag príosúnaigh ar ghníomhaíocht leasúcháin chorpoideachais, nuair atá sí sainaitheanta,
- (vii) go gcuireann príosúnaigh measúnú corpacmhainne i gcrích sula nglacann siad páirt in aon ghníomhaíocht chorpoideachais,

(viii) go gcloíonn príosúnaigh leis na socruithe ionductúcháin chorpoideachais atá i bhfeidhm.

Imríonn an corpoideachas ról tábhachtach sa chóras príosúin trí ghníomhaíocht ardchaighdeán a bhfuil cuspóir léi agus teagmháil ardchaighdeán le príosúnaigh a chur ar fáil; de bhreis air sin, is féidir le corpoideachas cur go mór le folláine fhisiceach, mheabhrach agus shóisialta na bpríosúnach. Mar sin féin, is ann do raon le haghaidh feabhais i gcónaí maidir le cumas na spórtlainne agus maidir le tuilleadh baill foirne is teagascóirí.

Is féidir le heaspa cothabhála nó le cothabháil mhoillithe an trealamh spórtlainne dul i bhfeidhm go diúltach ar mheanma na mball foirne is teagascóirí a gcuirtear de chúram orthu cláir chorpoideachais a chur chun feidhme agus dul i bhfeidhm ar rannpháirtíocht na bpríosúnach sna cláir sin. Ba cheart do lucht bainistíochta an phríosúin bheith aireach ar an tábhacht a bhaineann le trealamh spórtlainne a bheith in ord oibre i gcónaí.

Le linn na bliana, bronnadh dioplómaí na Comhairle Idirnáisiúnta um Scrúdú Teiripe (ITEC) i dTeagasc Aclaíochta ar roinnt príosúnach. Is é Dioplóma an ITEC i dTeagasc Aclaíochta ceann de na cáilíochtaí is leithne aitheantas do theagascóirí corpacmhainne in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Cuimsíonn an cúrsa comhcheangal de chomhphárteanna teoirice agus praiticiúla, lena n-áirítear teicnící aclaíochta, tástáil chorpacmhainne, feasacht gnó agus cothú. Déanann an Coiste Cuairte comhghairdeas leis na mic léinn rathúla go léir a ghnóthaigh an dámhachtain an-inmhianaithe seo.

D'fháilteodh an Coiste Cuairte roimh thuilleadh deiseanna do phríosúnaigh páirt a ghlacadh i spóirt lasmuigh. Trí spiorad foirne agus fhreagracht a spreagadh, cuirfear le dea-ord agus le dea-rialú, agus is féidir é sin a éascú go réidh ach áiseanna a shuiteáil le haghaidh rannpháirtíochta i gcluichí lasmuigh. Forbairt dhearfach is ea an rún 'páirc atá fóinteach don uile aimsir' a shuiteáil mar chuid den phlean forbartha iomlán i gcomhair champas Mhuinseo. Molann an Coiste Cuairte do lucht bainistíochta an phríosúin tabhairt faoi athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí spóirt lasmuigh d'fhonn cláir atá cost-éifeachtúil a bhunú.

Thar na blianta, bhunaigh Príosún Mhuinseo naisc le comhlachtaí agus le pearsantachtaí éagsúla spóirt. Is réimse é sin ar féidir é a fheabhsú tuilleadh, go háirithe trí thuilleadh deiseanna a chur ar fáil do phearsantachtaí spóirt

labhairt le príosúnaigh. D'fháilteodh comhaltaí den Choiste Cuairte roimh an deis cabhrú leis sin.

Bainistíocht Pianbhreithe Chomhtháite (ISM)

Mar a sonraíodh inár dtuarascáil do 2012, measann an Coiste Cuairte go gcuireann an córas ISM go mór le ciontóirí a chumasú a bpianbhreith a chur i gcrích ar bhealach cuiditheach agus éirí níos oiriúnaithe don saol lasmuigh de phríosún. Mar a luaigh Seirbhís Príosún na hÉireann, is é atá san ISM ná béim nua ar phríosúnaigh freagracht níos mó a ghlacadh as a bhforbairt féin. Is é an toradh deiridh a bheidh air sin ná 'cur chuige atá bunaithe ar an bpríosún agus ildisciplíneach maidir le hoibriú le príosúnaigh agus foráil á déanamh do mheasúnú tosaigh, do shocrú spriocanna agus d'athbhreithniú tréimhsiúil chun dul chun cinn a mheas'.

Tá cur chun feidhme éifeachtach an chórais ina dhúshlán ollmhór do lucht bainistíochta agus d'fhoireann an phríosúin. Inár dtuarascáil do 2012, luamar nach rabhamar sásta gur leor an leibhéal líon foirne (beirt Oifigeach Príosúin) a bhí i bhfeidhm ag an am chun freastal ar na riachtanais atá ag breis agus 500 ciontóir. Le linn 2013, imlonnaíodh tríú ball foirne chuig dualgais ISM, ach tá sé sin laghdaithe an athuair go beirt bhall anois.

Tá na comhaltaí den Choiste Cuairte sásta go bhfuil an tuairim chéanna ag lucht bainistíochta an phríosúin faoi thábhacht lárnach an chórais ISM agus tuigimid na héilimh iomaíocha a dhéantar ar líon foirne. Tá Oifig Phríosúin a bhfuil oiliúint ISM agus taithí ar ISM á bhfostú i limistéir eile de Champas Mhuinseo, amhail Ionad Dóchas agus an Sciathán Oiliúna, a bhfuil líon níos lú ciontóirí sa dá cheann díobh. Molaimid go laghdófaí riar cásanna fhoireann Mhuinseo agus go gcuirfí saineolas na ndaoine sin atá fostaithe faoi láthair i limistéir ag a bhfuil líonta níos ísle ar fáil do líon níos mó ar fud an champais dá ndéanfaí feidhm ar fud an champais den Bhainistíocht Pianbhreithe Chomhtháite.

Córais Shrianta

Is í an phríomhfhreagracht atá ar lucht bainistíochta agus ar fhoireann an phríosúin ná freagracht as sábháilteacht phearsanta agus slándáil na gciontóirí

a chinntiú. Déantar príosúnaigh a shainiú a bheith leochaileach nó atá ag iarraidh cosanta a dheighilt lom láithreach ón bpobal ginearálta nó ó phríosúnaigh ar leith a d'fhéadfadh a bheith ina mbagairt. Déantar na daoine sin a bhféadfadh drochthionchar a bheith acu ar phobal ginearálta an phríosúin a dheighilt freisin. San am atá thart, ba é sin ba chúis le líon suntasach ciontóirí a bheith teoranta dá gcillín ar feadh suas go dtí 23 uair sa lá.

D'éascaigh na feabhsúcháin atá á ndéanamh ar nuachóiriú na cóiríochta i bPríosún Mhuinseo

laghdú suntasach ar líon na daoine atá faoi ghlas ar feadh tréimhsí iomarcacha. Laghdaíodh líon na bpríosúnach faoi ghlas ar feadh 23 uair ó 45 príosúnach i mí Iúil 2013 go 5 príosúnach i mí Eanáir 2014. I mí Eanáir 2014, áfach, bhí 30 príosúnach teoranta dá gcillín ar feadh 20 uair sa lá go fóill agus bhí 10 príosúnach sa bhreis teoranta ar feadh tréimhse 19 n-uaire.

Bhunaigh Ard-Stiúrthóir Sheirbhís Príosún na hÉireann grúpa ardleibhéil chun scrúdú a dhéanamh ar bhearta a laghdódh líon na ndaoine faoi chórais shrianta d'fhonn a chinntiú go bhfaigheann gach duine acu íoschaighdeán d'am as an gcillín de thrí huaire sa lá le haghaidh páirt a ghlacadh in aclaíocht agus i ngníomhaíochtaí. Mar a tugadh faoi deara thuas, baineadh an caighdeán sin amach i bPríosún Mhuinseo in 2013 i ngach cás gan 5 chás a áireamh. Fáiltíonn an Coiste Cuairte roimh an tionscnamh atá á ghlacadh ag Seirbhís Príosún na hÉireann chun tosaíocht a thabhairt don fhadhb sin agus tá sé ag coinne le feabhsú breise le linn 2014.

Tá an Coiste Cuairte eolach go bhfuil sé mar rún ag Seirbhís Príosún na hÉireann a líonta acmhainne a chur ar chomhréim leo siúd ar shainiú an Cigire Príosún iad. Ba cheart an beart sin a chur chun feidhme a luaithe is féidir. Is soiléir go ngéaraíonn plódú an deacracht a bhaineann le déileáil le príosúnaigh faoi chórais shrianta agus maolaíonn sé na buntáistí a thagann as cóiríocht nuachóirithe.

An Plean Éigeandála Dóiteáin

Tá Plean Éigeandála Dóiteáin cuimsitheach i bhfeidhm sa phríosún chun freagairt chomhordaithe a chinntiú d'éigeandálaí ar an láithreán a thagann as briseadh amach tine. Ba é an lucht bainistíochta áitiúil, Oifigeach

Sábháilteachta Dóiteáin Sheirbhís Príosún na hÉireann agus an foghrúpa um Shábháilteacht ar Dhóiteáin a dhréachtaigh an plean. Cuireann an plean san áireamh na cásanna éagsúla dóiteáin/éigeandála nach mór déileáil leo a shainaithint, leagann sé amach na freagairtí atá riachtanach do gach ceann acu agus tástálann sé a éifeachtaí atá na freagairtí sin.

Cásanna a thagann aníos lasmuigh de raon feidhme an Phlean Éigeandála Dóiteáin amhail gabháil giall, círéibeacha agus suaitheadh de chineálacha éagsúla, pléitear leo i bpleananna Éigeandála agus Teagmhasacha ar leith. Cuirtear Druileanna Sábháilteachta Dóiteáin i gcomhar le treoirlínte struchtúrtha ar siúl ar bhonn ráithiúil chun éifeachtacht an phlean a chinntiú.

Oiliúint um Chearta an Duine

Fáiltíonn an Coiste Cuairte roimh na tionscnaimh le déanaí ina bhfaighidh foireann príosúin ar fud na tíre oiliúint ar shaincheisteanna um chearta an duine. Arna forbairt ag Seirbhís Príosún na hÉireann, i gcomhar le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine, cinnteoidh sí go bhfuil an ceart ag príosúnaigh go gcaitear leo le dínit i dtimpeallacht atá slán agus sábháilte le linn dóibh a bpianbhreith a chaitheamh. Molaimid an tArd-Stiúrthóir as an tionscnamh nua sin a sheoladh agus a mhíniú ag Lá Faisnéise le déanaí ag Coláiste Sheirbhís Príosún na hÉireann, Port Laoise.

Criathrú Slándála

Fuaireamar roinnt gearán ó phríosúnaigh ar fud 2013 faoin díriú éagothrom ar a gcuairteoirí atá á dhéanamh ag oifigigh an Ghrúpa Tacaíochta Oibriúcháin (OSG) agus faoin spreagadh atá á thabhairt acu don mhadra cuardaigh suí d'aon ghnó le linn cuardach. Rinneadh amach gur gan bhunús a bhí na gearáin go léir a d'imscrúdaigh an Coiste Cuairte. Léirigh breathnú ar TFCl nach raibh call le haon ghearáin a rinneadh i gcás ar bith agus d'fhéadfaí a fheiceáil agus teacht ar an gconclúid gur ghníomhaigh foireann an phríosúin ar bhealach gairmiúil agus cóir i ngach cás.

Tacaíonn an Coiste Cuairte go hiomlán leis an dualgas deacair a chomhlíonann oifigigh OSG, dualgas atá dírithe ar chosc a chur ar mhíreanna neamhdhleathacha á dtabhairt isteach sa phríosún.

Clár Coiste na bPríosúnach

Forbairt ar cuireadh fáilte roimpi ar tugadh fúithi le linn na bliana ba ea bunú an tionscnaimh um Ghlór Úsáideora/Coiste an Phríosúin.

Cuireann an tionscnamh nua seo formáid struchtúrtha i bhfeidhm trína n-oibríonn lucht bainistíochta an phríosúin agus príosúnaigh atá tofa go háitiúil le chéile laistigh de réimsí atá sainithe go soiléir. Tugann sé deis do phobal leathan an phríosúin, trína n-ionadaithe tofa, oibriú go dlúth le lucht bainistíochta an phríosúin chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha amhail aiste bia, áiseanna caitheamh aimsire agus ionchais oibre agus oideachais. Cé go bhfuil an próiseas ina chéimeanna luatha go fóill, tá an Coiste Cuarite ag súil lena fhás a fheiceáil sna blianta romhainn.

Siopa Milseán

Ábhar imní a cuireadh in iúl don Choiste Cuarite ar fud na bliana ba ea córas an *tsiopa milseán*. Is féidir leis bheith am-íditheach agus dian ar fhoireann ina fformáid reatha. Comhaontaíonn comhaltaí den Choiste Cuarite go hiomlán le bunú ar feitheamh na ceardlainne/an ionaid dáileacháin sa phríosún.

Cuimseoidh an próiseas nua seo córas *pacála agus lipéadaithe* mar a ndéanfar orduithe a chur ar aghaidh chuig an ionad nua, a ullmhú agus a dháileadh laistigh de thréimhse trí lá. Cuirfidh an tionscnamh nua seo tuilleadh deiseanna fostaíochta ar fáil do phríosúnaigh mar aon le hath-implonú oifigeach chuig dualgais eile. Beidh athbhreithniú ar phraghsanna mar chuid den athbhreithniú nua sin freisin.

Gníomhaireachtaí Seachtracha

Le linn na bliana, bhuail an Coiste Cuarite le roinnt gníomhaireachtaí a dhéanann raon seirbhísí a thairiscint agus a chur ar fáil do dhaoine atá ar tí bheith scaoilte ón bpríosún. Is seirbhísí fadréimseacha iad na seirbhísí a chuirtear ar fáil agus clúdaíonn siad roinnt roghanna iarphríosúin amhail cóiríocht, oideachas, treoir, sláinte agus leas sóisialach. Is réimse é sin a dtabharfar aird bhreise air. Ba mhaith leis an gCoiste Cuarite buíochas a ghabháil leis na gníomhaireachtaí go léir a raibh sé i dteagmháil leo sa bhliain.

Boinn Seirbhíse Fada

Ba mhaith leis an gCoiste Cuairte comhghairdeas a dhéanamh leis na hoifigigh go léir a fuair Boinn Seirbhíse Fada le linn na bliana. Is ceart a dtiomantas agus a ndíograis a mholadh.

Máistrí Sláintí

Is beoga agus cairdiúil atá club *Máistrí Sláintí* an phríosúin agus cuirtear cruinnithe ar siúl dhá oíche gach mí. Tá gach cruinniú ina cheardlann *foghlaim trína dhéanamh* ina ndéanann rannpháirtithe forbairt ar a scileanna labhartha i dtimpeallacht gan bhrú. Déantar foghlaim ar luas atá oiriúnach do riachtanais gach rannpháirtí.

Bíonn tinreamh maith ag gach cruinniú mar go dtugann sé an deis do rannpháirtithe scileanna cumarsáide agus ceannaireachta a fheabhsú i dtimpeallacht atá dearfach agus tacúil. D'ainneoin rath an tionscadail seo, creideann an Coiste Cuairte gur féidir é a leathnú tuilleadh.

Ba mhaith leis an gCoiste Cuairte a bhuíochas a ghabháil le baill de Mháistrí Sláintí Bhaile Átha Cliath agus le baill foirne an phríosúin a thug a gcuid ama go deonach d'fhonn rath an tionscadail seo a chinntiú.

An Gairdín Mailpe

Bunathraíodh reilig bhunaidh an 10 óglach, ar a dtugtar an Gairdín Mailpe, ina gairdín cuimhneacháin. Is iad na príosúnaigh agus na baill foirne a rinne an obair ar fad ar an limistéar seo. Agus é réidh anois, táthar dóchasach gur féidir é a oscailt go hoifigiúil in 2014.

